

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráitis Airgeadais don Bhlain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

**Innéacs leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an
31 Nollaig 2019**

	Leathanach
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas maidir le Córas um Rialú Inmheánach	4 (1-4)
Tuarascáil Iniúchta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	5
Costais Gníomhaíochtaí agus Pá	6
Beartais Chuntasáíochta	7
Ráiteas Feidhmiúcháin	8
Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha	9
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	10 - 26

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Ceanglaítear ar BOOLI faoi Alt 51 den Acht sin gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé i gcibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú ón Aire Airgeadais agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

- (a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a fheidhmiú chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- (c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach **An Comhairleoir Frankie Keena**

Síniú: _____

Dáta: _____

Ráiteas BOOLI maidir le Córas um Rialú Inmheánach 2019

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí ar an 1ú Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

D'fheidhmigh BOOLI faoin gCód Cleachtas chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú (02/2019). Glacadh leis an gcód seo ag Cruinniú mhí Feabhra BOOLI go cúlghabhálach go dtí a dháta eisiúite an 31 Eanáir 2019. Roimhe seo d'fheidhmigh BOOLI faoin gCód Rialachais 08/2015.

Freagracht maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach

I mo Cathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach agus eacnamaíoch um rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú. Úsáidtear córas dá leithéid chun a chinntiú go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile cúig huaire in 2019 agus rinne athbhreithniú ar an gcóras um rialú inmheánach ag cruinniú dá chuid ar an 7 Feabhra 2019.

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile trí huaire in 2019. Tá ceanglas ann teacht le chéile 4 huaire sa bhliain ach níor éirigh leo teacht le chéile ach trí huaire mar gheall ar na toghcháin áitiúla. Tá súil ag an gCoiste Airgeadais teacht le chéile ceithre huaire in 2020. Mhol an Coiste Airgeadais na Ráitis Airgeadais Bhliantúla lena gceadú ag an mBord agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh ag a gcruinniú ar an 2 Márta 2020.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas dearbhú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Na freagrachtaí atá ar bhainistíocht agus ar bhaill foirne a shonrú go soiléir
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí
- Nósanna imeachta a bhunú chun tabhairt faoi gach réimse baoil a d'fhéadfadh cosc a chur ar an BOOLI a chuspóirí a bhaint amach a mheas agus a aithint

Tá an córas um rialú inmheánach atá i bhfeidhm in LWETB bunaithe ar:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe
- Dualgais a dheighilt
- Údaruithe ar leith
- Seiceálacha inmheánacha

- Athbhreithniú bainistíochta míosúil ar thuarascálacha ina leagtar amach na fíorthorthaí agus na torthaí buiséadaithe maidir le cláir arna bhfeidhmiú ag LWETB.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach bunaithe ar:

- Obair an Choiste Iniúchta agus Riosca, a dhéanann tuarascálacha ar iniúchadh inmheánach agus tuarascálacha an C&AG agus tuarascálacha chuig an Bord a mheas, cibé an bhfuil, i dtuairim an iniúcháir inmheánaigh, córas cuí leordhóthanach i bhfeidhm ag an bPríomhfheidhmeannach maidir le rialú inmheánach
- Príomhfheidhmeannach ar a bhfuil freagracht maidir leis an gcreat rialaithe airgeadais
- Moltaí a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Bainistíocht Riosca

Tá Plean Bainistíochta Riosca Corparáideach i bhfeidhm ag BOOLI lena gclúdaítear Scoileanna, FET agus oifigí riaracháin. Is buan-mhír é an Plean Bainistíochta Riosca ar chlár oibre an Choiste Iniúchta agus Riosca mar a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú 02/2019. Cuirtear an t-eolas is deireanaí ar fáil maidir leis an ngluaiseacht riosca ag gach cruinniú agus d'iarr an Coiste tuarascálacha sonracha ar leith a chuir an feidhmeannach ar fáil don choiste ag an gcéad chruinniú eile.

Iniúchtaí Inmheánacha

Is é Aonad Iniúcháireachta Inmheánaigh Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann (IAU-ETB) a chuireann an tIniúchadh Inmheánach ar fáil. Is iad cuimsitheach, leordhóthanach agus easnamhach na tuairimí a d'fhéadfadh a bheith ag an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaigh.

Rinne an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaigh iniúchadh iomlán ar rialuithe inmheánacha in BOOLI i mí Eanáir 2019 agus eisíodh Tuairim Leordhóthanach sa tuarascáil a d'fhoilsigh siad i mí Feabhra 2019. Tá an t-athbhreithniú seo agus na torthaí ina leith curtha faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta chun deimhniú a thabhairt dóibh maidir le héifeachtacht ár rialuithe. Sainithníodh san achoimre den Athbhreithniú a chlúdaigh caoga seacht tástáil saincheist ardriosca amháin a bhain le ball foirne a choimeád rochtain leagáide ar an gcóras AD agus cuireadh an leibhéal rochtana seo ina cheart láithreach. Ina theannta sin rinneadh athbhreithniú ar gach leibhéal rochtana ar an gcóras AD agus níor sainithníodh aimhrialtacht ar bith eile. Sainithníodh dhá mheánriosca leis freisin. Bhain an chéad cheann le clibeáil sócmhainní a bhfuil aghaidh le tabhairt air le tionscadal a tosaíodh in 2020. Bhain an dara ceann le soláthar, ar shaincheist nóis imeachta é, agus tá aghaidh tugtha air ó shin.

I mí Márta 2018 rinne an IAU athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus rialuithe maidir le hinfhaighteacht an ghréasáin chomh maith inar chuir sé Tuairim Leordhóthanach ar fáil. Rinneadh torthaí an iniúchta seo a thuirisciú in Eanáir 2019. Bhí an tuairim "easnamhach" bunaithe ar thagarmharc ISO/IEC 27031. Ag am an iniúchta bhí BOOLI i lár Plean Uasghrádaithe TFC trí bliana a chur i bhfeidhm. Tugadh cur i láthair iomlán ar an bplean TFC a tosaíodh in 2017 agus atá le cur i gcrích in 2020 don Choiste Iniúchta agus Riosca. Tá go leor de na nithe atá liostaithe san iniúchadh curtha i gceart ag an gclár uasghrádaithe sin ó shin.

I gcás fhorhmór na moltaí atá fanta, tugadh aghaidh orthu in 2019, sin nó tabharfar aghaidh orthu roimh thús na bliana nua acadúla in 2020. Táthar ag súil go réiteoidh an clár reatha uasghrádaithe na bearnaí comhlíonta a sainaitníodh nuair a bheidh sé curtha i gcrích.

Rinne an IAU Iniúchadh ar chonarthaí a cuireadh i gcrích ag tús mhí Eanáir 2020 inar thug sé Tuairim Leordhóthanach. Chlúdaigh an tIniúchadh ar chonarthaí an tréimhse ó mhí Iúil 2018 go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2019. Thug an iniúcháir dá aire an feabhas suntasach a tharla le linn na tréimhse a chlúdaigh an t- iniúchadh ó thaobh cáipéisíochta de. Chuaigh an Ceann AD nua i mbun poist le linn na tréimhse seo.

Leagadh béim ar cheithre mhír mheánriosca mar seo a leanas:

- Easpa fianaise go raibh ionductú faighte ag ball foirne nua. Tá nós imeachta foirmiúil tugtha isteach againn anois.
- Níor síníodh conradh fostaí. Ní raibh an té seo fostaíthe ach tamall gearr de sheachtainí.
- Athriochtú neamhiomlán comhaid do bhall foirne seanbhunaithe.
- Infhaighteacht gach polasaithe do bhaill foirne. Tá gach polasaithe atá ceadaíte go cuí arna chur ar fáil ar láithreán gréasáin BOOLI.

Soláthar Poiblí

Cuireadh plean soláthair don bhliain 2019 ar aghaidh chuig an mBord i mí Mheán Fómhair 2018 agus glacadh leis. Rinneadh an plean seo a fhorbairt i ndiaidh athbhreithniú ar sholáthar in BOOLI. Leis an bplean seo leagadh réimsí amach a mbeadh rannóg soláthair BOOLI ag díriú orthu in 2019 agus in 2020. Faoi mhí an Mheithimh 2019 bhí 60% den phlean gníomhaíochta curtha i bhfeidhm agus bhí tuilleadh cur i bhfeidhm ar siúl i gcaitheamh na bliana 2020.

Aimsíodh le hathbhreithniú ar sholáthar in 2019 gurbh ionann an méid neamhchomhlíonta in 2019 agus

€386, 773 ar a ndéantar anailís mar seo a leanas:

- a) Nithe a soláthraíodh trí phraghsanna luaite ar luach €262, 736 a cuireadh ar thairiscint i ráithe 4 2019, lena n-áirítear ábhair ranga.
- b) Nithe a soláthraíodh trí phraghsanna luaite ar luach €124,037 áit a bhfuil meicníocht chúí sainaitheanta maidir leis an gcaoi na nithe seo a chur ar thairiscint agus cuirfear ar thairiscint iad in 2020. Áirítear ar na nithe seo páipéir scrúdaithe agus marcáil ghaolmhar.

Pinsin

Leagtar dualgas ar BOOnna leis an Imlitir 11/2014 ráitis sochair agus áirimh a chur ar fáil do chomhaltaí den Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Tá comhairle tugtha ag an bhFeidhmeannach go bhfuil comhlíonadh thart ar 10% bainte amach ag BOOLI i dtaobh ráitis pinsean a eisiúint chuig baill foirne ag deireadh na bliana 2019. Is saincheist í seo do BOOnna ar fad agus táthar ag dul i ngleic léi ag leibhéal náisiúnta.

Tá BOOLI ag céim fhorbartha rannpháirtíochta leis an tSeirbhís Comhroinnte Párolla i láthair na huaire agus mar chuid de sin, táimid ag súil le comhlíonadh an cheanglais seo a fheabhsú go suntasach faoi dheireadh na bliana 2020. Tá BOOLI ag súil le comhlíonadh 50% ar a laghad a bhaint amach i dtaobh ráitis pinsean a eisiúint faoi dheireadh na bliana 2020 agus comhlíonadh 98% a bhaint amach i dtaobh ráitis pinsean a eisiúint faoi dheireadh na bliana 2021 bunaithe ar na hacmhainní atá ann faoi láthair.

Nochtadh Cosanta - Ní raibh Nochtuithe Cosanta ar bith ann in 2019.

Calaois - Ní raibh Calaois ar bith i gceist in 2019, go bhfios dúinn.

Athbhreithniú Bliantúil maidir leis na Rialuithe

Tá LWETB tiomanta do chóras éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch rialaithe inmheánaigh a fheidhmiú. Deimhním gur thug an Coiste Iniúchta agus Riosca faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 ag cruinniú dá chuid ar an 7 Feabhra 2020 sa tslí a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú, agus go bhfuarthas sásúil iad.


Áiríodh leis seo

- Athbhreithniú ar thuarascálacha inmheánacha agus seachtracha a eisíodh in 2019 agus go dtí seo in 2020 mar aon le scrúdú ar mhiontuairiscí chruinnithe an Bhoird, an Choiste Iniúchta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais.
- Fuair an Coiste Iniúchta deimhniú ón bPríomhfheidhmeannach go bhfuil an córas um rialú inmheánach leordhóthanach agus cúí, ar an iomlán. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas seo ar fhaisnéis a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearacha ar fud na heagraíochta.
- Chuir an Coiste Iniúchta tuarascáil ar an athbhreithniú ar rialuithe i láthair an Bhoird ar an 17 Feabhra 2020.
- Coinnítear Clár Riosca cothrom le dáta agus cuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca é ar bhonn rialta.

Rinne Bord BOOLI an Ráiteas ar Rialú Inmheánach a athbhreithniú agus a cheadú ag an gcruinniú dá chuid ar an 17 Feabhra 2020.

Sínithe:

Dáta: 26/06/2020


Clf. Frankie Keena
Chairperson

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhoird Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar bheartais chuntasaíochta
- ráiteas oibriúcháin
- ráiteas faoi shócmhainní reatha agus faoi dhliteanas reatha, agus
- na nótaí gaolmhara.

Is é mo thuairim,

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird don bhliain 2019 agus ar staid chúrsaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2019; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

An bonn atá leis an tuairim


Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscú bhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an mBord. Tá sé seo comhdhéanta de ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird, ráiteas maidir le córas um rialú inmheánach agus sceideal costas gníomhaíochtaí agus pá. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscú bhinn na tuarascála seo.

Níl tuairisc ar bith le tabhairt agam ina leith sin.



Patricia Sheehan
Do agus thar ceann
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
30 Meitheamh 2020

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas um fhreagrachtaí an Bhoird tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013
- as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird
- as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas Ginearálta

Tá sé de cheanglas orm faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí agus tuairisciú chuig Tithe an Oireachtais ina leith.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhu réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna ar mhíríteas ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaos nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sin mar thoradh ar chalaos nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.

- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí. Lorgaim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na gcríoch dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ráitis Airgeadais - Bliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

Costais Gníomhaíochtaí agus Pá

1 Príomhghníomhaíocht

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí Oideachas agus Oiliúint ar fáil ar fud Chontae an Longfoirt agus Chontae na hIarmhí mar a leagtar amach thíos:

Seirbhís	Líon na Láithreacha*	Líon na Rannpháirtithe**	Líon na dTairbhíthe***
Dara Leibhéal & Iar-Ardeistiméireacht Breisoideachas agus Oiliúint (FET)****	9	3,479	
Ranganna Páirtaimseartha / Oíche****	10		8,711
	1		704

* Ag tagairt do láithreacha faoi úinéireacht BOOLI nó ar léas aige.

** I gcás dara leibhéal, tá sé seo bunaithe ar rollú na bliana acadúla.

I gcás FET agus ranganna páirtaimseartha / oíche, tá sé seo bunaithe ar na rolluithe ar leith sa bhliain féilire.

*** Is ionann tairbhíthe agus an líon iomlán áiteanna lena nglactar sa bhliain. Ríomhtar é seo trí rolluithe amhail an

1 Eanáir agus gach rollú i ndiaidh sin i rith na bliana a chur isteach.

**** Áirítear tairbhíthe Ranganna Páirtaimseartha / Oíche in Ionaid Oiliúna le Breisoideachais agus Oiliúna (FET)

(FET).

2 Seirbhísí eile

Gníomhaíonn an Bord ina Ghníomhaire chomh maith agus reáchtálann Tionscadail Féinmhaoinitheacha.

Baineann obair ghníomhaireachta le clár a rith thar ceann eagraíochta eile de réir critéir aontaithe agus cúitítear costas an chlár leis an mBord.

Is ionann Clár féinmhaoinitheacha agus clár a rithear faoi rialú iomlán an Bhoird thar ceann an Bhoird, sin nó thar ceann eagraíochtaí eile.

3 Costais Pá

Is é Pá an costas is mó a bhíonn ag an mBord agus tugtar le fios leis an méid seo a leanas na réimsí pá agus líon ná bhfostaithe i ngach réimse:

Réimse Pá*	Líon na bhFostaithe	Costas in 2019*
€		€
0 - 59,999	802	16,630,638
60,000 - 69,999	101	6,626,531
70,000 - 79,999	80	5,933,280
80,000 - 89,999	16	1,347,628
90,000 - 99,999	12	1,135,655

100,000 - 109,999	6	627,033
110,000 - 119,999	2	232,272
120,000 - 129,999	0	0
130,000 - 139,999	1	134,596
Iomlán	1020	32,667,633

*Costas in 2019 lena n-áirítear
 ÁSPC fostóirí

Ní íocann BOOLI ranníocaíocht pinsin maidir le fostaithe. Ón mbliain 2013 tá de cheanglas ar iontrálaithe nua dul isteach sa Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí.

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann comhaltaí ar scéim pinsin sochair shainithe seirbhíse poiblí ranníocaíocht bhreise aoisliúntais (ASC) a eascraíonn as Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020) agus as an tAcht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Tháinig na ASCanna in áit laghduithe a bhaineann le pinsin (PRD) ar tháinig deireadh leo ag deireadh na bliana 2018. Fad a bhí PRD ina

bheart éigeandála sealadach, is ranníocaíochtaí buana iad ASCanna i ndáil le luach saothair inphinsin.

B'ionann an méid a bailíodh in 2019 agus €1,026,851 a cuireadh ar ais chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráitis Airgeadais - Bliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019 Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na Beartais Chuntasaíochta

1 Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí ar an 1 Iúil 2013 agus leagtar amach a chuid feidhmeanna in Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

2 Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

(a) Bonn an Chuir i Láthair

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú ón Aire Airgeadas agus an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Tá siad comhdhéanta de Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, Ráiteas Feidhmiúcháin, Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha agus nótaí leis na Ráitis Airgeadais.

Nuair is gá, tá na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe athluaite ar an mbonn céanna leo sin don bhliain reatha.

(b) Bonn Ullmhúcháin

Cuireann an Ráiteas Oibriúcháin Fáltais agus Íocaíochtaí i láthair de réir Grúpa Cláir agus déantar an Barrachas / (Easnamh) Airgid Tirim iarmhartach a chur in oiriúint do ghluaiseachtaí féichiúnaithe agus creidiúnaithe chun toradh foriomlán na tréimhse a chinneadh ar bhonn fabhrúithe.

Ullmhaítear an Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha ar an mbonn fabhrúithe trí dheontas stáit agus iarmhéideanna maoinitheoirí eile a chinneadh ag méideanna ina léirítear an caiteachas iarbhír gaolmhar a thabhaítear agus de réir na rialacha maoinithe.

Áirítear Féichiúnaithe Tríú Páirtí sna Sócmhainní Reatha. Áirítear Dlíteanais Pá agus Costais sna Dlíteanais Reatha.

(c) Sócmhainní seasta inlámhsithe

Caitear gach sócmhainn a cheannaítear lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis chomh maith le trealamh oiliúna sa bhliain inar ceannaíodh iad. Aithnítear deontais stáit chun maoiniú a chur ar fáil le sócmhainní seasta inlámhsithe a cheannach sa bhliain chéanna.

(d) Stoic

Caitear stoic intomhalta ar fad de réir mar a cheannaítear iad.

(e) Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí pinsin fhoireann BOOLI, lena n-áirítear iadsan a d'aistrigh as SOLAS, faoi scéimeanna sochar

sainithe. Áirítear foireann a fostaíodh ón mbliain 2013 sa Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí agus déantar íocaíochtaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in aghaidh na míosa.

Coinníonn BOOLI asbhaintí aoisliúntais a bhaintear as pá fostaithe maidir leis na scéimeanna mar chuid den maoiniú Stáitchiste, nó íoctar iad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní dhéanann BOOLI aon ranníocaíocht pinsin chuig na scéimeanna.

Oibrítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear agus íoctar na teidlíochtaí pinsin bliantúla díreach le hOifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta thar ceann BOOLI. Tá BOONa freagrach as a gcuid pinsean a riar. Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna cistí pinsin ar fáil.

Níl aon fhoráil déanta sna ráitis airgeadais i ndáil le costas reatha na sócmhainní amach anseo a d'fhabhraigh do bhaill foirne agus pinsinéirí reatha faoi na scéimeanna sin.

(f) Cíosleasuithe

Caitear gach cíosleasú de réir mar a thabhaítear iad.

Ráiteas Oibríucháin don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

		An Bhliain dar chríoch	An Bhliain dar chríoch
	Nóta	31/12/2019	31/12/2018
FÁLTAIS		€	€
Deontais Iar-bhunscoileanna & Ceannoifige	1	27,321,441	25,899,119
Deontais Breisoideachais agus Oiliúna	2	24,909,094	24,527,057
Deontas do Sheirbhísí Óige	3	804,294	585,644
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha	4	1,822,408	1,661,973
Caipiteal	5	1,232,114	1,206,924
		56,089,351	53,880,717
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Iar-bhunscoileanna & Ceannoifig	6	27,076,958	25,881,220
Breisoideachas agus Oiliúint	7	23,918,193	24,917,851
Seirbhísí Óige	8	705,492	740,367
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha	4	1,404,834	1,605,821
Caipiteal	5	775,175	717,727
		53,880,652	53,862,986
Barrachas / (Easnamh) Airgid Tirim don Bhliain		2,208,699	17,731
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	19	(2,209,775)	(22,259)
Barrachas / (Easnamh) ar Ioncam Fabhraithe don Bhliain		(1,076)	(4,528)
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim amhail 1 Eanáir 2019		743	5,271
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim amhail 31 Nollaig 2019		(333)	743
Sínithe:	Sínithe:		

An Comhairleoir Frankie Keena

Cathaoirleach

Dáta

An Dr. Christy Duffy

Príomhfheidhmeannach

Dáta

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 10 go 26.

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha amhail an 31 Nollaig 2019

	Nóta	31/12/2019	31/12/2018
		€	€
Sócmhainní Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	11	452,244	212,481
Deontais Caipitil Stáit	12	374,140	482,750
Ioncaim Athfhillteach Eile	13	751	69,063
Féichiúnaithe Trú Páirtí	14	290,467	343,389
Iarmhéid Baint		4,935,649	2,726,950
		<u>6,053,251</u>	<u>3,834,633</u>
Dlíteanais Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	15	2,449,820	996,952
Deontais Caipitil Stáit	16	1,157,069	813,107
Ioncaim Athfhillteach Eile	17	616,566	451,945
Dlíteanais Íocaíochta agus Costais	18	1,830,129	1,571,886
Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)		<u>(333)</u>	<u>743</u>
Arna Léiriú ag			
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim		<u>(333)</u>	<u>743</u>
Anailís ar Bharrachas / (Easnamh) Ioncaim			

	Barrachas/(Easnamh) Coinnithe	Barrachas / (Easnamh) Ioncaim don bhliain 2019	Barrachas/(Easnamh) Coinnithe
	31/12/2019		31/12/2018
	€	€	€
Clár			
Scoileanna agus Ceannoifig	(1,437)	(112)	(1,325)
Breisoideachas & Oiliúint	-	-	-
Gníomhaireacht	-	-	-
Féinmhaoiniú	1,104	(964)	2,068
	<u>(333)</u>	<u>(1,076)</u>	<u>743</u>
Sínithe:	Sínithe:		

An Comhairleoir Frankie Keena
Cathaoirleach

Dáta _____

An Dr. Christy Duffy
Príomhfheidhmeannach

Dáta _____

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

		An Bhliain dar Chríoch	An Bhliain dar Chríoch
1 Fáltais Iar-bhunscoileanna & Ceannoifige	Roinn/Maoinitheoir Urraíochta	31/12/2019 €	31/12/2018 €
PÁ			
Deontais i nGlan-airgead Tirim Iar-bhunscoileanna & Ceannoifige	Oideachas agus Scileanna	23,080,439	21,939,594
Rannaíocaíochtaí Aoisliúntais Coinnithe	Oideachas agus Scileanna	1,240,406	1,269,013
		24,320,845	23,208,607
NEAMHPHÁ			
Deontais i nGlan-airgead Tirim Iar-bhunscoileanna & Ceannoifige	Oideachas agus Scileanna	2,028,742	1,671,068
Cúlchiste Caipitil Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann	Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	54,566	196,439
Táillí			
Teagaisc	Tuismitheoirí/Daltaí	90,532	77,854
Árachas	Comhlachtaí Poiblí		
Díbhinne	na hÉireann	10,089	27,915
		2,183,929	1,973,276
CLÁIR GHAOLMHARA			
Ciste Tacaíochta um Sheirbhísí Scoile	Oideachas agus Scileanna	300,875	302,943
Deontas Bonneagair TFC	Oideachas agus Scileanna	178,538	77,711
Deontas Leabhar	Oideachas agus Scileanna	102,575	101,025
Deontas DEIS & Teagmhálaí Baile agus Scoile	Oideachas agus Scileanna	102,212	101,601
Deontas um Choimhdire Bus	Oideachas agus Scileanna	30,216	3,886
Deontas Idirbhliana	Oideachas agus Scileanna	24,415	30,020
Eile - 10 gCinn	Oideachas agus Scileanna/Ionad Oideachais na Carraige Duibhe	77,836	100,050
		816,667	717,236
		27,321,441	25,899,119

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

2	Fáltais Bhreisoideachais agus Oiliúna	Roinn/Maoinitheoir Urraíochta	An Bhliain dar Chríoch	An Bhliain dar Chríoch
			31/12/2019	31/12/2018
			€	€
	Breisoideachas agus Oiliúint			
	Printiseacht	SOLAS	3,979,865	2,998,609
	Foireann & Oibríochtaí Ionad Oiliúna	SOLAS	3,732,441	3,680,683
	Nasc-Oiliúint Bunaidh & Scileanna	SOLAS	2,820,145	3,659,066
	Soláthraithe Sainoiliúna (STP)	SOLAS	2,770,726	2,542,426
	Ógtheagmháil	SOLAS	1,994,665	1,952,032
	Ionaid Oiliúna Phobail	SOLAS	1,957,719	2,252,835
	VTOS	SOLAS	1,955,306	2,236,057
	Cúrsaí Oiliúna	SOLAS	1,124,984	1,032,313
	Ciste Forbartha Litearthachta d'Aosaigh	SOLAS	1,110,612	1,202,606
	Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas	SOLAS/Daltaí	911,379	926,160
	Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	SOLAS	528,442	674,536
	Treoirsheirbhís Oideachais d'Aosaigh	SOLAS	364,203	357,626
	Oideachas Pobail	SOLAS	341,124	203,159
	Cúrsaí sa Tráthnóna	SOLAS	339,978	278,742
	ESOL	SOLAS	252,876	-
	Eile	Éagsúil	100,491	96,983
	Athlonnú Teifeach	SOLAS	93,794	-45,151
	Scileanna Náisiúnta don Obair	SOLAS	79,173	123,064
	Dianteagasc	SOLAS	75,320	72,412
	Ciste Athchóirithe um Breisoideachas	SOLAS	55,067	28,579
	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	SOLAS	43,907	15,656
	Scrúdú/Measúnuithe QQI	SOLAS	41,616	39,928
	Ceardlanna Ceartais	SOLAS	41,599	28,275
	Seirbhísí Síceolaíochta	SOLAS	40,976	49,327
	Maoiniú Taiscéalaíochta	Oideachas agus Scileanna	38,890	6,565
	Caipitíocht Bheisithe PLC	SOLAS	30,931	40,556
	Litearthacht Teaghlaigh DEIS	SOLAS	24,181	21,505
	Ar Líne/Foghlaim Chumaisc/Leabharlann	SOLAS	22,024	-1,631
	Cíos PLC	SOLAS	10,700	14,500
	Fíordheimhnitheoirí Seachtracha QQI	SOLAS	9,005	5,833
	TEL PAY	SOLAS	6,000	-
	Creat Cáilíochta	SOLAS	5,955	6,417
	Tacaíocht Foghlaimora	SOLAS	5,000	-
	Oideachas Ealaíon	SOLAS/Daltaí	-	27,389

Iomlán

24,909,094

24,527,057

3 FÁLTAIS SEIRBHÍSÍ ÓIGE

RYFA - Maoiniú Óige Athbheithnithe	Leanaí agus Gnóthaí Óige	224,679	-
TYFS - Maoiniú Óige Spriocdhírithé	Leanaí agus Gnóthaí Óige	150,309	-
DPU/MRDATAF	Sláinte	136,816	136,816
Feidhmeanna Obair don Óige BOO	Leanaí agus Gnóthaí Óige	95,867	93,367
Deontas Club Óige	Leanaí agus Gnóthaí Óige	52,156	44,130
Ionad Eolais don Óige	Leanaí agus Gnóthaí Óige	50,759	50,759
Tionscnamh Infhostaitheachta Óige	Leanaí agus Gnóthaí Óige	49,993	-
Maoiniú um Threalamh don Óige	Leanaí agus Gnóthaí Óige	21,073	1,059
Maoiniú Caipitil	Leanaí agus Gnóthaí Óige	17,642	30,346
Deontas Óige LADT	Leanaí agus Gnóthaí Óige	5,000	5,000
Tionscadail Speisialta don Óige - SPY	Leanaí agus Gnóthaí Óige	-	122,936
Y.P.F.S.F. 2	Leanaí agus Gnóthaí Óige	-	101,231
		804,294	585,644

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

**GNÍOMHAIREACHTAÍ agus TIONSCADAIL
FHÉINMHAOINITHEACHA**

4

* **GNÍOMHAIREACHTAÍ**

An Bhliain dar Chríoch 31/12/2019	An Bhliain dar Chríoch 31/12/2018
-----------------------------------	-----------------------------------

Ní	AINM AN TIONSCADAIL	Roinn/Maoinitheoir Urraíochta	FÁLTAIS		ÍOCAÍOCHTAÍ		FÁLTAIS	ÍOCAÍOCHTAÍ
			€	Pá €	Neamhphá €	Iomlán €		
1	Béilí Scoile	Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach	637,663	-	491,478	491,478	534,233	646,554
2	Leabhair ar Cíos	Tuismitheoirí/Daltaí	241,643	15,853	205,097	220,950	248,148	116,046
3	Music Generation	Music Generation/BOOLI	111,645	-	4,061	4,061	-	-
4	Maoirseacht Scrúdaithe Forbairt tionscadal ar Sheirbhísí Comhroinnte Párola	An Coimisiún um Scrúduithe Stáit	104,004	92,726	-	92,726	90,047	95,338
5		Oideachas agus Scileanna	84,600	5,633	3,288	8,921	-	-
6	Tionscadail Eorpach PMO	Oideachas agus Scileanna	-	-	-	-	49,856	49,856
7	Táilí Scrúduithe	Tuismitheoirí/Daltaí	57,721	-	61,196	61,196	52,545	57,819
8	Club Staidéir Obair Bhaile	Tuismitheoirí/Daltaí	30,410	14,197	8,267	22,464	27,735	19,532
9	Léargas/Erasmus	Léargas	25,239	-	41,258	41,258	106,424	82,614
10	Turais Scoile	Tuismitheoirí/Daltaí	19,460	-	24,589	24,589	14,294	11,976
11	Tobhach Rialtais PLC	Tuismitheoirí/Daltaí	12,600	-	17,028	17,028	14,200	17,963
12	Eile - 9 gCinn	Éagsúil	41,784	8,413	13,184	21,597	53,220	44,731
			1,366,769	136,822	869,446	1,006,268	1,190,702	1,142,429

** **TIONSCADAIL
FHÉINMHAOINITHEACHA**

Ní	AINM AN TIONSCADAIL	Maoinitheoir	FÁLTAIS		ÍOCAÍOCHTAÍ		FÁLTAIS	ÍOCAÍOCHTAÍ
			€	Pá €	Neamhphá €	Iomlán €		
1	Seirbhísí do Dhaltaí - Dalta	Tuismitheoirí/Daltaí	247,933	248	243,246	243,494	256,505	238,067
2	Gníomhaíochtaí Seach-Churaclaim Idirbhliana Cistí a Bailíodh go hÁitiúil	Tuismitheoirí/Daltaí	97,492	2,371	65,383	67,754	91,252	104,417
3	PLC - RF	Tuismitheoirí/Daltaí	72,023	-	63,708	63,708	71,655	64,606
4	Suibscríbhinní Agus Tabhartais	Éagsúil	18,366	-	3,148	3,148	13,835	9,578
5	Ceaintín	Tuismitheoirí/Daltaí	13,385	-	14,680	14,680	33,574	42,252
6	Eile - 3 Cinn	Tuismitheoirí/Daltaí/Éagsúil	6,440	-	5,782	5,782	4,450	4,472
			455,639	2,619	395,947	398,566	471,271	463,392
Iomlán			1,822,408	139,441	1,265,393	1,404,834	1,661,973	1,605,821

* Baineann obair ghníomhaíochta le clár a rith thar ceann eagraíochta eile de réir critéir aontaithe agus cúitítear costas an chláir leis an mBord.

**Is ionann Clár féinmhaoinitheacha agus clár a ritear faoi rialú iomlán an Bhoird thar ceann an Bhoird, sin nó thar ceann eagraíochtaí eile.

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

5 Caipiteal			An Bhliain dar Chríoch 31/12/2019	An Bhliain dar Chríoch 31/12/2018
			€	€
Fáltais				
Oideachas & Scileanna			445,510	983,527
SOLAS			786,604	223,397
			1,232,114	1,206,924
Íocaíochtaí				
Saoráid	Cineáil Caiteachais			
Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain	Fearas & Trealamh		246,172	66,377
Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain	Athchóiriú ar Bhloic Chúil/Ceardlanna/seideanna stórála		108,391	109,926
Éagsúil	Eile - 18		420,612	541,424
			775,175	717,727

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

6 Íocaíochtaí Iar-bhunscoileanna & Ceannoifige	An Bhliain dar Chríoch 31/12/2019			An Bhliain dar Chríoch 31/12/2018
